# Seans – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

## Tá deiseanna ag an bpáiste...

### Tuiscint agus ceangal

- coincheapa neamhfhoirmiúla na Seansúlachta a fhorbairt tuilleadh trí chluichí a imirt agus eispéiris laethúla
- páirt ghníomhach a ghlacadh i dtrialacha agus i dturgnaimh a bhaineann le Seansúlacht ag baint úsáid as dísle, boinn, cártaí agus rothaí
- smaointe maidir le Seansúlacht agus Dóchúlacht a scrúdú ar scála uimhriúil lena n-áirítear fachtóirí, deachúla agus céatadáin
- iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a imríonn líon níos mó trialacha ar na torthaí



### Cumarsáid

- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí atá bunaithe ar phlé le dul i dtaithí ar theanga na Seansúlachta
- imeachtaí laethúla a chur in ord ó thaobh a ndóchúlachta
- torthaí trialacha agus turgnamh a bhaineann le Seansúlacht agus Dóchúlacht a thuar
- cur síos a dhéanamh agus léiriú a thabhairt ar gach toradh féideartha maidir le turgnamh.
- teicneolaíocht dhigiteach a úsáid lena gcuid torthaí le linn trialacha agus turgnamh a bhaineann Seansúlacht thaifeadadh agus chur i láthair



### Réasúnaíocht

- a taithí féin ar an eolas a úsáid le measúnú a dhéanamh ar cé chomh dóchúil nó neamhdhóchúil atá imeacht
- cur ina luí ar dhaoine eile cé chomh dóchúil nó neamhdhóchúil atá imeacht nó toradh ag baint úsáid as fianaise lena n-argóint a chosaint
- trialacha agus turgnaimh a úsáid le déanamh amach má tá cluichí cothrom nó míchothrom bunaithe ar a gcuid torthaí féideartha
- deiseanna a fháil machnamh a dhéanamh ar thorthaí féideartha iompraíochtaí contúirteacha agus machnamh a dhéanamh ag an am céanna ar conas cinntí maithe a dhéanamh



### Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna

- cuimhneamh ar na féidearthachtaí ar fad agus toradh imeachta nó cluiche a raibh an páiste páirteach ann le déanaí á thuar
- úsáid a bhaint as an eolas atá acu ar Sheansúlacht le cinntí a dhéanamh ar bhonn laethúil
- trialacha agus turgnaimh le líon ard agus íseal trialacha araon a chur ar bun
- úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach ar nós rothaí agus díslí idirghníomhacha le trialacha a bhfuil uimhreacha móra i gceist leo a chur ar bun



Forbraíodh i gcomhar le **Ann Hogan**